

SGÉUL CUT BAILE UI LÍ.

Bean a bhí in áit eicínt i gCondae na Gaillimhe, baintreach abhí innti ahus bhí ingean aici. Ach bhíodh slám mór cearca acab ag an máthair agus ag an ingean. Diabhal mórán achair go bhfaca sí coileach mór a tigheacht an aonfhacht leis na cearca ag ithe, ní fhaca sí aon choileach ariamh abhí chomh mór leis. D'éirigh an ingean amach agus maide aici agus braith mhór abhí aige a dhul 'gá bualadh. Nior leig faitcíos di aon bhlas a dheanamh air d'fhan sé 'n aonfhacht leis na cearca gur ithe sé an méid a bhí le nithe acaba conghnamh dóibh bhuail sé leis ansoin.

Lá na mháireach aríst rinne sé an cleas ceudna, tháinig sé 'gus d'fhan sé 'n aonfhacht leóthabh gur ithe sé 'dhóthain' agus ní raibh aon bheann aige ar ingean na baintrigh. D'ímtigh leis ansoin. An tríomadh lá bhi ingean na baintrigh gléasta suas "má thagann sé indiu" adeir sí "fébrí céard a d'éirigheóchas suas níl baoghal a' bith nach bhfeachfhaidh mise le na throid." Bhuail sí amach agus maide aici agus nior chorrugh an coileach ariamh gur bhuail sí anuas sa druim den mhaide é agus ghreammuigh an maide den choileach agus ghreamuigh sise dhen mhaide agus d'árduigh sé leis í.

Tháinig sé i ngleann idir dhá cnoc ní fhaca sí aon ghleann ariamh níos deise ná é agus scaoil sé amach amach í. "Ná corruigh as sin anois" adeir sé "go dtuga duine eicínt as tu." Chuir sé geasa uirthi gan corruighe as agus d'ímtigh sé féin. Bhí sí caoineadh agus ní raibh aon ghoir aice corruighe as. Ní mórán achair a bhí sí ann nuair a chonaic sí cut mór glas. Tháinig an cut chomh fada léithi "Muise céard a chuir ansoin tu" adeir an cut. "Muise níl fhios am" adeir sí "Bhoil eirigh do sheasamh anois" adeir an cut agus tiubharfaidh mise abhaile thú. Shiubhail an cut amach rúithe go raibh sí i ngar don teach. "Tiocfaidh fear go t'iarraidh-sa máireach" adeir sé "agus ar a bhfaca tú riamh na teirigh 'n aoinfeacht leis. Abair nach ngabhfaidh tú le aon fhear go deó go siubhailfidh tú amach thú fhéin.

Agus ansoin ina dhiadh sin faoi cheann cupla lá abair le do mháthair lón a ghléasadh dhuit agus siubhail leat agus cé brí áit a gasffair thu beidh fhios a'd é agus ní mór duit neart beannaocthaí ó do mháthair," bfiór dó ar maidin lár na mháireach nó an darana lá tháinig fear dá iarradh ar chapall "bí amuigh" adeir sé "tuige" adeir sí "go dteigh tu an aoinfeacht liomsa". Ní thiocfhas muise" adeir sí. "Nach maith chuaidh tú 'n aoinfeacht le fear arú indé nuair a dfaga sé sa ngleann thú" "ní fear a bhí ann" adeir sí ach coileach. "Ní sheadh muise adeir sé "ach fear." "Ní thiocfaidh mé 'n aoinfeacht le aon fear go bráthach" adeir sí. Ní raibh aige ach iompuighadh ar ais aríst ní dheachaidh sí an aoinfeacht leis.

Ar maidin lár na mháireach nuair d'éirigh sí dubhairt sí le na máthair lón a ghléas di go dteigheadh sí a cuartughadh a fortún." Tabhair isteach uisge glann" adeir an mháthair bhreathnuigh sí ina timpeall "ní fheicim aon tsoitheach ann" adeir sí "tabhair leat an criathar sin ar an mballa agus tabhair isteach a lán uisge agus deanfaidh mise rán duit" adeir a máthair. Thug sí léithe an criathar agus chuaidh sí amach ag an tobar agus nior thanthuigh

an soitheach abhí aici léithi. Nuair abhí sí dul a cromadh sa tobar tháinig an charóg as a cionn. Bág Bág adeir a charóg bain dóib, suath dóibh, buail dóib ar phoill a chriathar agus coinneóchadh sé díon” adeir sí “Is fíor dhuit é a charóg adeir sí.

Bhain sí an dóib agus shuaith sí í agus chuir sí ar phoill an criathar í agus thug sí isteach a lán uisge. “Anois adeir sí” dean an oiread ráin agus a fhliuchfhas an méid sin uisge céibrí áit a gcuirfidh tú é an fhad ‘s bheas tú dhá dhéanamh” Rinne sí aon chaca amháin den méid a d’fhuich sé agus ba uathbhásach an caca é freisin. Nuair abhí sé bruite rinne an mhathair dhá leith de.” Cé’s fearr leat” adeir sí an leath mhór is mo mhallacht ná an leath bheag is mo bheannacht.” “Is fearr liom an leath bheag is do bheannacht” adeir sí. Chuir an mhathair an caca ar fad léithi agus chuaigh sí suas i mbarr a tighe agus bhí sí cur beannachtaí léithi gur imtigh sí as a hamharc. Shiubhail léithi ansoin agus sgearr go dtáinig ocras uirthi agus cheap sí dhá dteaghfhadh sí go dtí áit a bith a mbeadh uisge go suidhfheadh sí síos agus go níosfadh sí an tarán. Sgearr go dtáinig sí go dtí áit a cheap sí bhí an-deas agus nuair a bhreathnuigh sí ‘na timpeall céard a bheadh ann ach tobar. Bhí uachtar meala agus iochtar fola ar an tobar. Shuidh sí síos ansoin agus bhí sí ag ithe, bhí sí ag tumadh an ráin sa tobar.

Ní raibh sí bhfad ag ithe nuair a tháinig cuileánin beag “ bhfuil chuilín na cnáimhín cuid ar leith, no comhrecht le tabhairt aid dom fhéin ná le haghaidh mo chuid coileáiníní” adeir sí “ó muisge go deimhin tá” adeir sí” “agus ní íosfaidh mé aon bhlais níos mó go dteagaidh tú i bpáirt liom.” Chuaigh sí i bpáirt léithi ansoin agus nuair abhí a ndóthain ithte acab dubhairt sí léithi a chuid eile a thabhairt ag na coileáiníní. “Níl aon choileáinín am adeir sí ach coinuigh le tagaidh fhéin é; an áit a bhfuil tú dhul ní bheidh tú ann indiu agus beidh mise an aonfeacht leat níos mó agus múinfidh mé an bealach dhuit.”

Bhí siad ag siubhal ansoin go raibh deamhain agus deire an lae a druidim leóthab. Tháinig siad isteach i mbothainin beag leig siad thartab an oidhche ann nuair a d’eirigh siad ar maidin bhí briucfeasta mhaith acab. “Beidh tú luath go leor anocht san áit a bhfuil an fear sin a tháinig go tiarraidh fathach atá ann atá faoi draoidheacht” adeir sí “ná dean thusa rud a bith dhá niarrfhaidh sé ort” Dubhairt an coileáinín léithi gan a dhul sa gcúirt go mbeadh sé ina oidhche. Bheannuigh sí isteach ann le tuitim dubh na hoidhche. Bhí fear breagh, istigh. Chuir sé fáilte rúithe “na raibh sé chomh maith dhuit a thigheacht an aonfhacht liom fhéin” adeir sé le mé leanamhaint.” Níor lean mise thú” adeir sí ní raibh fhios agam sa cá raibh mé dul.” “Séard tá ionam sa adeir sé “fear a dteastóchaidh cailín a gcomhnuidhe uaim agus níl cailín a’ bith i ndon seasamh na mo comhairle adheanamh” “M’anam muisge go mbféidir nach seasfainn se leat ach an oiread adeir sí “caithfidh tú seasain” adeir sé mar ní thoigfadh mise chor a bith thú mar a ndeanfadh tú aimsir trí bliana liom.” “Deanfadh” adeir sí “agus caithfidh tú chuile short iarrfhas mé ort a dheanamh” adeir sé. “ní chaithfheadh” adeir sí “ní dheanfaidh mé aon rud nach mbeidh ceart.”

Chaith sí ann ansoin agus ní raibh cailín a bith le fágáil a bfearr ná í. Nuair a thaithnuigh sí leis chomh mor ansoin thug se eochaireacha chuile sheomra sa teach di. “Féidfaidh tú chuile sheomra sa teach oscailt leóthab sin” adeir sé” ach a bhfeiceann tú an seomra sin a bhfuil an chúlath uaithe air ná-bíodh aon déaileáil a’ d leis sin” adeir sé. D’imthigh léithi agus bhí sí dhul tríd a theach agus ní raibh cailín a bith ann abhí chomh maith léithi agus bhí an-mheas

aige uirthi. Lá annsoin "ní mór dhuit a bheith do shuidh go moch a máireach "adeir sé "tá dréathair liomsa ina chomhnuidhe i mBéal Feiste agus caithfidh mise dhul ar cuairt aige." D'éirigh sí ar maidin agus ghléas sí a bhéilí do agus bhuaile leis. "Muise beidh fhios a'm sa"adeir sí "Cé'rd tá sa seomra indiu. "Chuaidh sí agus bhain sí an glas den tseomra agus nuair a chuaidh sí siar ann chuaidh sí síos go dtí na glúine i bhfuil agus ní raibh aon bhlas le feiceáil aici ann ach mná marbh. Tháinig sí aniar ansoin agus nith sí í féin agus bhain sí dhith an fhoil ach spota beag abhí as cionn a glúin, agus thosuigh sí a caoineachan agus ga bualadh féin fhaoi talamh, breathnughadh eicint dar thug sí chonnaic sí cut glas le hais na teine. "A" adeir a cut bfearr dhuit gan a dhul sa seomra sin." "bfearr" adeir sí. "Bhoil anois" adeir sé "sin mná atá marbh aige sin uilig agus" adeir sé "tá sé indon iad sin a thóigeál lá a bith a thogróchaidh sé agus nuair a thiocfhas sé-sin abhaile indiu beidh fhios aige go raibh tusa sa seomra agus nuair a bhreathnóchas sé ar an spota fola sin beidh tú féin marbh. Ach teanaim uait an aonfhacht liom sa anois go foileach."

Chuaidh sé amach agus chuaidh sí an aonfhacht leis agus thug sé ag tom bhroibh í. Nuair a tháinig siad ag an tom "bhfeiceann tú an bhrobh is aoirde sa tom" adeir sé "beir uirthi agus tairring í chomh sgiobthaí is fhéidphas tú é agus leag bun an bhrobh ar an spota atá ar do ghlúin agus deanfaidh sé go maith í agus agus béidir nach mbeadh fhios ag a bhfathach go raibh tú sa seomra agus leag ar ais an bhrobh aríst. Bhain an bhrobh an fhoil di. Nuair tháinig an fathach abhaile bhreathnuigh sé ar a gcúlath "bhí tú sa seomra" adeir sé crap suas do chóta adeir sé nach aisteach an rud ad le iarradh orm mo chota a chrapadh suas adeir sí níl mé ag iarradh ort é chrapadh ach suas thar go ghlúin adeir sé. Chrap. Má bhí tú ann níl sé le naithneachtail ort adeir sé. Ach bhí tú ann adeir sé" ach má bhí féin ní fhéidfadh mise aon bhlas a dhéanamh ort adeir sé. Bhí sí ag deanamh a graithe ansoin níos mó, go dtí oidhche a bhfaca sí a fanacht ina shuidhe é. Ní raibh fhios aici beo cé'n fág a raibh sé fanacht ina shuidhe agus d'fhan sí a faireadh air. Chonaic sí a dhul amach é agus lean sí é.

Níor stop sé go ndeachaidh sé go dtí an roilig agus tharraing sé corp anios as agus thosuigh sé ghá ithe agus nuair a chonnaic sí ghá ithe é rith sí agus d'airigh sé í, lean sé í. Nuair a bhí sí ag rith cháill sí a broig agus nuair tháinig seisean isteach bhí an bhróig aige. "Cá raibh tú nuair a chaill tú an bhróig" adeir sé "bhí mé tabhairt bainne dhon laogh" adeir sí. "Cá raibh tú nuair a chaill tú an bhróig" adeir sé, "bhí mé ag tabhairt bainne dhon laogh" adeir sí, agus dubhairt sí trí huaire na dhiadh sin é. "Abair "Cut Bhaile Uí Lí" adeir sé. Bhí an cut ar an tealach ach ní fhaca an fathach é. "Ná habair" adeir an cut "ac abair do "Cut Breagh Glas" "Mo cut breagh glas" adeir sí. "Abair Cut Bhaile Uí Lí" adeir sé. "Ní dhearfhadh" adeir sí "ach déarfheadh mé "Mo Chut Breagh Glas." Ní fhéidfeadh sé aon bhlas a dhéanamh uirthi ansoin mar nar dhubhairt sí aon rud a déarfhadh sé léithi a rádh.

Bhí bliain shuas aici ansoin. Ní raibh mé go do choingbheál ach an bliain sin" adeir sé "Tuige" adeir sí "Caithfidh tú mise a choingbheál trí bliana " Ó coinneóchadh adeir sé "ach ní bheidh tú anseo. Cuirfidh mé go dtí mo dhréathair go Béal An Áth thú." Cé'n sórt bealach atá léothabh" adeir sí. "Tá siad pósta le le trí bliana" adeir sé agus níl aon chlann acab" "bhfuil aon duine an aonfhacht léothabh" adeir sí. "Tá mo mháthair" adeir sé. "Tuige nar choinnigh tusa do mháthair " adeir sí "nach bhfuil fhios agat má tá siad contráilte le na chéile go bhí an mháthair is cionntuch " adeir sí. Ó ní choinneóchainn" adeir sé " ní bheadh aon graithe agam

dhi" "deanfaidh sin" adeir sí. Is Cuma liom." Thug sé ann í dfága sé ann í. Ní raibh cur síos a bith leis an mbaill a bhíodh an fear a chur ar a mbean a gabhail uirthi agus ba í an mhathair ba cionntach bhíodh sise ag iarraidh a bheith deanamh réiteach eattarthab agus ní raibh aon mhaith dhi ann. Seachtmhain abhí sí ann an sin nuair a tháinig an fathach mór ar cuairt aríst. Nuair a chonaic sise a teacht é "seacht gcéad fáilte romhat" adeir sí "an maigistir a bfearr abhí ann riamh" "Ná bac leis sin" adeir sé ach abair Cut Bhaile Uí Lí. "Abróchaidh mé mo chut breá glas" adeir sí. An chéad uair eile ansoin a thosuigh an fear a bualadh an bhean dubhairt sí leis éisteacht léithi má's mar gheall ar chlann abhí sé léithi go mbeadh clann ag an mbean faoi cheann bliana agus ní fhaca tú aon fhear ariamh anois ba shasta ná é.

"Tiubhrfhadh tú leat láighe agus an bhean sin" adeir an cut léithi agus tiúbhrfheadh tú leat iad go dtí áit a spáinfhidh mé craobhacha beaga a fás agus má fhághann tú an oiread uisge faoi cheartar acab agus go gcloisgfhidh sé a tart (mar tá tart mór uirthi) beidh sí ceart ach mar a bhfaigh níl aon bharaivail a'm di" adeir sé thug sí léithi láigh agus an bhean go dtí an áit ar spáin an cut na craobhacha dí agus chinn sé uirthi aon uisge fhághail ann,ac go sílfheá go raibh bun ceann acab fliuch shus chuir sí ialach uirhi é sin iththe. "Ní dheanfhaidh tú anois aon mhaith" adeir sí "go bhfhaigh tú do dhóthain le í ól as soitheach gan aon tóin. Ar ndóigh ní choinneochaid soitheach gan aon tóin tada" adeir a bhean. Coinneóchaidh adeir sise nuair a gheobhfas mé an rud ceart. Gléasfaidh mise suas caipín cuinneóige dhuit agus teighre sa chuile áit leis agus nuair a bheas tú san áit cheart coinnéochaidh sé í. Chuir sí láimh i gcaipín na cuinneóige ansoin di. Thug sí léithi caipín na cuinneóige ansoin agus chaith sí dhá lá ag imteacht leis agus nuair a thagadh sí isteach chuile oidhche bhíodh an mháthair ag gairí fúithi.

An triomhadh oidhche ansoin bhí sí millte gearrtha agus tháinig an mhathair agus bhreathnuigh sí síos i gcaipín na cuinneóige agus tháinig mar bheadh diomú uirthi agus thainig sruth deórachaí uaithe agus thuit siad síos i gcaipín na cuinneóige agus líon siad í agus ní dhearnadh an bhean ach breith ar an gcaipín agus é ól agus thuit an tanam as an mathair. Faoi cheann trí ráithche ansoin bhí mac óg ag an mbean. Tháinig an fathach mór ar cuairt acab an sin. "Is aít an bhean thú"adeir sé "tá mac óg acab". "Tá". Adeir sí. "Abair Cut Bhaile Uí Lí" adeir sé. "Déarfaidh mé mo Cut Breagh Glas" adeir sí bhí bliain eile istigh an tám sin aici. "Caithfidh tú dhul go Béul Feiste ag mo dhreáthair eile" adeir sé. Chuaidh sí go Béul Feiste ansoin agus ní raibh aici an sin ach a comhairle fhéin bhíodh an fathach mór ann an éudan na seachtmhaine ag iarraidh uirthi Cut Bhaile Uí Lí a rádh. Bhíodh sé ag iarraidh uirthi é radh a gcomhnuidhe bhí sé ceapa go bhfaigheadh sé í ghá radh gan bhuidheachas mar abhí sé i ngar don bhliain abheith shuas aici aríst tháinig caiptín soithigh isteach san oidhche sa teach seo.

Ba as an tír fó thuinn é. Dheamhain blas gur ghlac sé gradh dhon bhean seo, agus d'iarr sé uirthi a bpósfadh sí é. Dubhairt sí go bpósfadh. "Má phósann" adeir sé "tá sé chomh maith dhuit a theacht an ainfhacht liom dhon tír Fó Thuinn." Chuaidh siad agus phós siad. Nuair abhí siad pósta annsin chonaic sí an cut glas agus dubhairt sé léithi gur mhaith a rinne sí é go raibh an tádh uirthi agus a bheith imthighthe ó na fathaigh. Dubhairt an cut léithi ansoin "mise a chuaidh an baistigh leat agus cailleadh mé. Gheall mé go ndéanfainn chomh maith dhuit agus dféudfainn. Bhí fhios agam go marbhóchaidh na fathaigh tú agus

is mé a tháinig i mo choileáinín chomh fada leat.” Chuaidh sí féin agus an caiptín soithigh don Tír Fó Thuinn.

30/6/ 35.

Nuair a d’ímtigh an bhean ansoin go Tir Fó Thuinn tháinig bean chomh fada leis a máthair. “Tá tingeán imthighe” adeir sí “agus í pósta ag caiptín soithigh as an Tir Fó Thuinn. Agus tháinig mise chomh fada leat” adeir sí. “Tiocfaidh an fathach chomh fada leat aríst” adeir sí agus beidh sé go do sháineáil a ceapadh go bhfuil ingean eile aid. Agus beidh sé dhul a tabhairt airgid dhuit” adeir sí “ingeall ar tuarasdál tingeán agus ná glac uaidh é” adeir sí “Ná bhíodh tada le deanamh a’d le aon bhlais an bhaineann leis” adeir sí. Nuair abhí sí ag imteacht ansoin “tiubhraidh mé cuairt eile fós ort” adeir sí. Dimtigh an bhean ansoin agus lá’r na mháireach tháinig an fathach chomh fada léithe.

Nuair a tháinig an fathach chomh fada léithe “dimtigh tingeán uaim” adeir sé “is suarach a sgeal é sin a’m sa” adeir sí “bhoil” adeir sé tiubhraidh mise neart airgid anois dhuit as ucht í bheith ann” adeir sé “nach bhfuil ingean eile a’d” adeir sé. “Níl” adeir sí “Nach bhfeicim í” adeir sé “ní liom sa í sin” adeir sí. “Ingeán dreáthara dhom í sin. Ingeán tailiúra tá innte a tá ansoin ó dtimigh mo ingean. Ach, níl aon bhaint a’m sa tada bheith le deanamh a’m léithi. Ach teirigh chomh fada le na hathair agus má thugann sé dhuit í tugadh.” Chuaidh sé go dtí an táilliúr agus dfiarraigh sé dhe a dtabharfhud sé dhó an ingean. Bhí an táilliúr bhí an- dúil san airgead aige agus dubhairt sé go dtiubhrfadh. Diabhal blas go dtug sé mála mór airgid dhó agus nuair a chonnaic an táilliúr an tairgead ní raibh aon chuimre ar an ingean níos mó aige.

Nuair a tháinig chomh fada leis an mbean annsoin bhí an táilliúr an aonfacht leis “gabhfhaidh tú an aonfhacht leis” adeir a táilliúr le’n ingean”. “Gabhfhadh” adeir sí “tuige nach ngabhfhaínn.” “Bhoil níl aon chál faictcíós duit” adeir sé. “Sér’d tá ionam sa Árd Rí” adeir sé agus tá mé cuartughadh cailín le naoi mbliana” adeir sé agus níl mé faghail aon chailín a dhéanfadh mo chomhairle agus tá sin a fagáil dháimh orm” adeir sé. Bhí capall aige agus bhuail sí suas ar a chúla go dtáinig siad ina cúirte. Tháinig siad isteach sa gcúirt. Thug sé dhi na heocrachaí le haghaidh chuile sheomra oscailt. Féidhfaidh tú chuile sheomra oscailt leóthabh sin” adeir sé ach an bhfeiceann tú an seomra a bhfuil an doras uaithne air ná gaibh isteach ansoin.” “Cá bhfuil an eochair le na aghaidh sin” adeir sí. “Seo í” adeir sé. “Tóig dhe í sin adeir sí” ní féidhfaidh tú rád go mbeidh aon déiléail a’m sa leis” adeir sí. D’imthigh leis agus thug sí dhó an eochair. Bhí sí deanamh a graithe. Ní raibh aon chál dhó tada iarraidh uirthi. Bhí chuile short deanta aici. San oidhche ansoin dubhairt sé léithi “caithfidh tú fanacht leat fhéin anseo go ceann seachtmhaine tá mise dhul go Béal Feiste.” “Agus cé’n ghraithe atá go Béal Feiste a’d adeir sí. Dhreáthair liom atá ann” asdeir sé agus tá sé dhul a pósadh ingean Rí agus ní fhéidhfaidh mé fhéin a theacht go ceann seachtmhaine.” “Agus” adeir sí arnu ní fhanfhaidh mise anseo liom fhéin. “Tuige nach bhfanfhá” adeir sé. “Tuige nach dtiubhrfá an aonfgacht leat mé” adeir sí. “Níl tada le deanamh anseo ach na beithidigh a bhleáthann agus nach ndeanfhaidh fear ar a pháigh é sin dhuit atá sa teach sin thall.” “Is ait an bhean thú” adeir sé. “Bíodh’s a’d nach fear, fear a bith ag imteacht gan a chailín” adeir sí. Chuaigh sé go dtí an teach ba ghóire dó agus shochruigh sé leis na beithidigh a

bhleathann dó go ceann seachtmhaine agus féibrí céard d'iarr sé thug sé é agus bainne thabhairt dho na laghuinta.

D'imthigh leóthabh ansin agus bhuail leóthab go ndeachaidh siad go dtí an áit a raibh siad ag dul ag an mbainis. Láir na mháireach ansoin tháinig an bhean seo aríst ag an mháthair (ag máthair an bhean a d'ímtigh) agus capall aici. Nuair a tháinig sí ansoin "muise" adeir sí "bhfuil corr a bith sa mac sin tá a'd." "Níl muise " adeir an mháthair "corr a bith i gcos ná láimh leis ach léir mar choinighim rud leis ach é sinte ar leabaidh le naoi mbliana" "bhoil" adeir sí "cuirfidh mise ialach ar go gcorochaidh sé. "Ní raibh fhios a'd" adeir sí "céard d'eirigh dhó sin." "Ní raibh fhios" adeir sí. "An fathach mór a chuir faoi dhraoidheacht é "adeir sí. "Mar ní raibh aon fhear faoi'n domhan abhí i ndan aige fhéin ach é sin agus bhí fhios ag an bhfathach é sin." Chuaidh sí suas chomh fada leis agus bhuail sí slaitín dhraoidheachta air agus d'eirigh sé suas. "Tá mé go maith ar chuile chaoi anois" adeir sé "ach níl aon spré amhairc i mo shúile." "Beidh amharc i do shúile shál dhá mbeidh sé an oidhche" adeir sí. Ingean dhe Himpereóir na Gearmáine mise" adeir sí. Agus bhí sé comhartha dhom gur mé an bhean ba breaghtha faoin domhan agus bhí an oiread draoidheacht aige sin agus gur ghoid sé ó m'athair mé agus tá mé aige faoi dhraoidheacht le naoi mbliadhna, agus chuir mé faoi gheasa é gan baint ná pairt a bheith aige liom go deo agus tá ceathar mná marbhughad aige agus bheadh tingean-sa marbh freisin marach mise. Agus tá sé tabhairt mná leis agus a rádh leóthab "Cut Bhaile Uí Lí" a rádh agus ar a bpointe is a nabróchaidh siad ansoin é iad a mharbhughadh; le neart feirigh nuair nach bpósfhainn se é.

"Chuir sí an mac suar a marcuigheacht ar an gcapall ansoin. Thug sí léithi ansoin é no go dtug sí chomh fada agus a bhí le dhul ag cúirt an fhathaigh é. Thug sí chomh fada le tom bhrobh é. "Beir ar a tom sin anois" adeir sí "agus mar a bhfuil tú láidir níl tú indon í tharraingt agus má tá tú indan í tharraingte níl aon fhear faoi'n domhan chomh láidir leat agus níl aon fhathach i ndon í tharraingt," Rug sé uirthi agus tharraing sé í agus an mhaoidhim uisge a chuir sí aníos buaileadh idir a dá shúil air é agus ní raibh aon fhear faoi'n domhan ba geire amharc ná é ar a noiméad agus buaileadh ar an mbean é agus bhí an draoidheacht tugthaí uaithe dhe aon iarra amhain. Thug si léithi dabhach ansoin go dtug sí isteach sa seomra é gur leigheas sí cúigear ban abhí istigh ansoin agus a cuid fola tuguighthe go ndeachaidh siad abhaile acab fhéin.

Nuair abhí an méid sin deanta acab ghlasail siad suas an chúirt agus chuaidh sí fhéin agus an bhean abhaile ag an mathair. Tháinig an fathach abhaile ansoin é féin agus a chailín. Bhi siad cúpla oidhche sa mbaile ansoin sul ár labhair an bhean leis an bhfear aríst. An oidhche seo ansoin bhuail an fathach amach agus níor stop sé go ndeachaidh sé sa roilig nuair a chuala sé go raibh duine curtha ann gur tharring sé aníos é. Nuair a d'ímtigh seiseann d'ímtigh ingean an tailliúra ina dhiadh agus rud geal uiththi. Nuair a chonnaic sí a tarringt aníos an chuirp é "ara súile móra bradacha tá mise breathnuighadh ort" adeir sí bhreathnuigh sé uirthi agus d'ionnsuigh air ag ithe aríst, "ara a shúile móra bradacha tá mise fhéin a breathnuigh ort" adeir sí aríst. An triomhadh uair ar dhubhairt sí é rith sé. Bhí fhios ag an mbean eile uair a bith a gcuirteí fearg air go nionnsuigheadh sé an tom agus bhí sí féin agus an fear a faire ag an tom.

Dubhairt sí leis an bhfear an tom a chur sa bpoll agus go dtiocfadh an tom leis an bhfathach agus nuair a thiocfadh breith ar an bhfathach agus é chur síos sa bpoll agus an tom a chur as a chionn. Rith an fathach go ndeachaidh sé go dtí an tom agus tharraing sé an tom agus nuair a tharraing chuir an fear eile síos sa bpoll é agus choinnigh sé ann é gur plúcadh é. Nuair abhí sé plúchta aige ansoin tharraing sé aníos é agus chuir sé go breagh fiúntach é agus chuir sé tomba air. Nuair abhí an fathach curtha aige chuir sé fios ar shagart méise agus ar chléireach uisge gur phós sé féin agus ingean Imperróir na Gearmáine a chéile. Nuair abhí siad pósta ansoin níl baoghal ar bith nar rinne siad go maith le ingean an táilliúra agus arnó sí a shaothruigh uilig dhóib é.

Chuaidh siad san an tráth agus chuaigh mise an Clochán. Báthadh iad san agus tháinig mise níor thug siad dhom ach brógaí páipéir agus stocaí bainne ramhar. Buan is leith phighinn airgid d'ól mé tigh Crocubhair 'a crocubhair é í gCathair Muiris. Bhí an coileach a rith orm agus dá mbeireadh an chearc orm ní fhagfadh sí déoir ionam.

8/9/35.